An Tionscal Foirgníochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tionscal foirgníochta in Éirinn.

A. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na bearnaí a líonadh sna focail Ghaeilge. Cuimhnígí ar an riail ‘caol le caol agus leathan le leathan’ chun cabhrú libh.

the worst year:	an bhliain ba m_e_sa
40:	dh_ _c_r
more than:	b_e_s is
unit:	a_n_d
demand:	é_le_ _h
outlook:	de_rc_dh
lack:	g_nnt_n_s
stimulation:	s_re_g_dh

B. An féidir libh buille faoi thuairim a thabhairt ar mhíniú an fhrása seo:

Go ndéanfaidh na bainc beart de réir a mbriathair.

C. Cad é an Béarla ar an teideal seo: **Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta**

D. Féachaigí ar an mhír anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mhír arís agus abair an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach.

	Fíor	Bréagach
1. Deir Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta go dtógfar níos mó tithe i mbliana.		
2. Tógadh 8,500 teach nua dhá bhliain ó shin.		
3. Bhí níos mó ná seachtó míle aonad á dtógáil le linn an Tíogair Cheiltigh		
4. Teastaíonn ón rialtas 20 míle teach a thógáil gach bliain.		
5. Síleann Tomás Ó Curraoin gur cheart do na bainc airgead a thabhairt ar iasacht.		
6. Tá Tom Parlon ag súil go gcuirfidh na bainc morgáistí ar fáil do dhaoine óga.		

Ceist 3 Éist leis an mhír arís agus ansin déan cur síos don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 4. *'…40…'*

Scríobh amach na huimhreacha seo i bhfocail:

40
8,400
19%
70,000
1,500
20,000

Ceist 5 '…tá dearcadh difriúil ag an bhfear…'

A. Féach ar na habairtí seo agus cuir líne faoin ainmní i ngach abairt agus ciorcal thart ar an bhriathar:

Tá Máire sa seomra.
Ceartaíonn an múinteoir an buachaill.
D'imigh Caitlín inné.

B. Aistrigh na habairtí go Béarla anois agus bí in ann a rá conas atá struchtúr an Bhéarla difriúil leis an Ghaeilge.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil mórán eastát tithíochta folamh i do cheantar féin?
- Cén fáth a bhfuil an oiread eastát tithíochta fágtha folamh sa tír, dar leat?
- Cad ba cheart a dhéanamh leis na tithe folmha ar fad sa tír, dar leat?
- An bhfuil aon teach le taibhsí ann i do cheantar?

Freagraí

Ceist 1 A

the worst year:	an bhliain ba mheasa
40:	dhá scór
more than:	breis is
unit:	aonad
demand:	éileamh
outlook:	dearcadh
lack:	ganntanas
stimulation:	spreagadh

Ceist 1 B

That the banks will do as they say, that they will keep their word.

Ceist 1 C

Construction Industry Federation

Ceist 2

	Fíor	**Bréagach**
7. Deir Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta go dtógfar níos mó tithe i mbliana.		Bréagach
8. Tógadh 8,500 teach nua dhá bhliain ó shin.		Bréagach
9. Bhí níos mó ná seachtó míle aonad á dtógáil le linn an Tíogair Cheiltigh	Fíor	
10. Teastaíonn ón rialtas 20 míle teach a thógáil gach bliain.		Bréagach
11. Síleann Tomás Ó Curraoin gur cheart do na bainc airgead a thabhairt ar iasacht.	Fíor	
12. Tá Tom Parlon ag súil go gcuirfidh na bainc morgáistí ar fáil do dhaoine óga.	Fíor	

Ceist 3

Iarr ar na foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh dá chéile ar ábhar na míre. Pléigh na tuairimí a bhí acu tar éis tamaill.

Ceist 4

40:	*daichead, dhá scór*
8,400:	*ocht míle agus ceithre chéad*
19%:	*naoi déag faoin gcéad*
70,000:	*seachtó míle*
1,500:	*míle go leith / míle cúig chéad*
20,000:	*fiche míle*

Ceist 5

A. *Tá* Máire sa seomra.
Ceartaíonn an múinteoir an buachaill.
D'imigh Caitlín yesterday.

B. Máire is in the room
The teacher corrects the boy
Caitlín left inné.

Tagann an t-ainmní roimh an bhriathar sa Bhéarla, ach tagann an briathar ag tús na habairte sa Ghaeilge.

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Bhí an bhliain anuraidh ar an mbliain ba mheasa do thógáil tithe nua sa tír seo le dhá scór bliain anuas agus deir Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta gur lú tithe fós a thógfar i mbliana. Níor tógadh ach ocht míle ceithre chéad teach nua in Éirinn anuraidh.

Barraí Mescall
Cé gur tógadh tuairim is ocht míle go leith teach nua sa tír seo anuraidh laghdú de naoi déag faoin gcéad atá ann ar an deich míle go leith a críochnaíodh bliain roimhe sin. Cuimhnigh ar an dTíogar[i] Ceilteach nuair a bhí breis is seachtó míle aonad sa bhliain á dtógáint ar feadh cúig nó sé de bhlianta i ndiaidh a chéile. Don gcéad[ii] aon mhí dhéag anuraidh níor cuireadh tús ach le míle cúig chéad teach. Anois teastaíonn ó Chónasc Thionscal Tógála na hÉireann[iii] suas le fiche míle teach a thógáint chuile bhliain in áiteanna go bhfuil éileamh leo, ach tá dearcadh difriúil ag an bhfear a chaith a shaol sa tionscadal i Londain agus anseo in Éirinn.

An comhairleoir, Tomás Ó Curraoin
Tá go leor eastát tithíochta[iv] amuigh in áiteanna iargúlta[v] ar fud na tíre agus níl aon duine cónaí iontu, agus tá siad fágtha ansin agus tá siad fágtha faoi sheilbh[vi] an rialtais, nó iad seo atá faoin rialtas, NAMA mar a thugann siad orthu. Agus, tá siad fágtha folamh agus ag an am céanna tá ganntanas tithe ann do dhaoine agus anois go dtosóidh na bancannaí[vii] ag cur amach roinnt airgid le fostaíocht agus obair a chur chun cinn ní fheicim muid ag teacht as an bpoll a bhfuil muid ann faoi láthair.

Barraí Mescall
Cé nach bhfuil ceannasaí Chónasc Thionscal Tógála na hÉireann[viii], Tom Parlon, ródhóchasach don bhliain atá romhainn, tá sé ag súil go ndéanfaidh na bancannaí[ix] beart de réir a mbriathair agus tuilleadh airgid a chur ar fáil do mhorgáistí, go háirithe do dhaoine óga, rud a thabharfadh spreagadh éigin don tionscal. Barraí Mescall, Nuacht TG4, Corcaigh.

---

[i] *ar an Tíogar* atá sa chaighdeán oifigiúil
[ii] *don chéad* atá sa chaighdeán oifigiúil
[iii] Is é *Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta* an teideal oifigiúil
[iv] *eastát tí* a deirtear
[v] *iargúl* a deirtear
[vi] *faoi seilbh* a deirtear
[vii] *bainc* atá sa chaighdeán oifigiúil
[viii] Is é *Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta* an teideal oifigiúil
[ix] *bainc* atá sa chaighdeán